ACMHAINN 1

‘Is é atá romhainn ná fadhb dáiríre d’*oll*-imirce. Níl tír ar bith ar domhan a mbeadh glacadh acu le líon chomh mór sin daoine ag teacht isteach comh tapa sin, ar daoine iad atá ag cur isteach ar shochaí na Fraince, i bhfianaise reiligiún agus cultúr a bheith acu atá éagsúil ón reiligiún agus ón gcultúr atá againne.’

Foinse: Marine le Pen, Uachtarán Pháirtí an Fhronta Náisiúnta sa Fhrainc, foinse agallamh le Al Jazeera*, 2012*

‘Níl sé inghlactha go dtarlaíonn sé amanna, i gcodanna áirithe de Milano, go bhfuil an oiread sin daoine ann nach de bhunadh na hIodáile iad go gceapfá gur i gcathair san Afraic atá tú seachas a bheith i gcathair san Iodáil nó go deimhin i gcathair Eorpach ar bith. Ní féidir linn glacadh leis seo.’

Foinse: *Silvio Berlusconi, iar-Phríomh-Aire na hIodáile, foinse Al Jazeera, 2012*

‘Bhuel, sílimse go cinnte go bhfuil an iomarca daoine ag teacht isteach, agus sílim go bhfuil go leor de na daoine atá dífhostaithe anois tosaithe ag éirí binbeach faoi dhaoine eile a bheith ag teacht isteach agus ag tógáil jabanna uathu. Go deimhin, tá a fhios agam gur fíor an méid sin. Agus sílim go bhfuiltear buartha freisin nach mbeidh Sasanach ar bith fanta i Sasana lá éigin amach anseo; gur eachtrannaigh ar fad a bheidh ann.’

Foinse: *Duine faoi agallamh ar chainéal nuachta, foinse Channel 4, 2013*

- Sa mhéid atá ráite thuas, cad iad na cineálacha éagsúla dearcthaí i leith na n-imirceach atá le sonrú iontu?
- Cad iad na cúiseanna a thugann na tráchtairí i dtaobh cén fáth a bhfeiceann siad imircigh agus imirce ar an mbealach a bhfeiceann siad iad?
- Dá mb’imirceach thú, conas a bhraithfeá de dheasca na mbarúlacha agus na ndearcthaí sin?